

# 'Is sna réigiúin, sna cathracha agus sna sráidbhailte a thosaíonn an Eoraip'



4 Márta 2022

Táimidne, ceannairí áitiúla agus réigiúnacha an Aontais Eorpaigh, ag iarraidh Aontas a bheith againn a dhéileálfaidh ar shlí níos éifeachtaí le riachtanais agus ardmhianta na saoránach.

**1.** Is iad bunchlocha an daonlathais san Aontas Eorpach, dar linn, na 240 réigiún agus na 90 000 bardas atá ann, mar aon leis an mbreis agus 1.2 milliún polaiteoir a toghadh go háitiúil agus go réigiúnach agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann 450 milliún duine. Is ar an leibhéal áitiúil sa 'polis' (cathair sa tSean-Ghréigis) a shíolraigh an daonlathas timpeall 2 500 bliain ó shin, agus ní féidir leis an daonlathas teacht slán gan é a bheith fréamhaithe go daingean ar an leibhéal áitiúil agus á chleachtadh gach uile lá.

**2.** Glactar leis an daonlathas má dhéantar é a dhlísteánu le hiontaobh an phobail agus má bhíonn toradh air ar an leibhéal is gaire don saoránach. Seo an fáth a gcreidimid go bhfuil gá leis an múnla 'Teach Eorpach an Daonlathais' a chur chun cinn, múnla a thógfaí ar dhlísteanacht ina mbeadh trí ghné bhunúsacha: bunchlocha láidre, mar atá na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha; ballaí láidre, mar atá na 27 mBallstát; agus díon a thugann cosaint, mar atá an tAontas Eorpach.

Trí chur chuige ón mbun aníos a ghlacadh don phróiseas cinnteoireachta in institiúidí an Aontais, tabharfar an tAontas níos gaire do chroí agus d'anam na ndaoine agus beidh iontaibh acu arís as an Aontas mar thionscadal daonlathach atá bunaithe ar ionadaíocht láidir thoghcháinach lena n-urramaítear an comhionannas inscne.

**3.** A bhúil leis an obair a dhéanann na páirtithe polaitiúla, is uirlis bhunúsach d'fheidhmiú an daonlathais ionadaíocht iad na toghcháin. Ní mór dúinn a chinntiú go bpléifear na príomhábhair a bhaineann leis an Eoraip roimh thoghcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus ní hamháin roimh na toghcháin Eorpacha a thionóltar gach 5 bliana, ós rud é gur ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach a chuirtear 70 % de reachtaíocht an Aontais chun feidhme.

**4.** In Aontas Eorpach níos daonlathaí, ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann faoi láthair sa dlísteanacht pholaitiúil agus dhlíthiúil agus na réigiúin, na cúigí, na cathracha, na bailte móra agus na sráidbhailte a chuimsiú mar dhlíthchuid den phróiseas cinnteoireachta faoi chuimsiú fhorálacha reatha an Chonartha nó i gcás ina dtiocfadh athrú ar an gConradh amach anseo.

**5.** Iarraimid, dá bhrí sin, go ndéanfaí stádas Choiste Eorpach na Réigiún a ardú de réir a chéile ón bhfeidhm chomhairleach atá aige faoi láthair le go mbeadh ról ceangailteach aige maidir le líon teoranta réimsí beartais a bhfuil gné shoiléir réigiúnach agus áitiúil i gceist iontu, agus castacht bhreise san Aontas Eorpach á seachaint ag an am céanna. Ach aird níos mó a thabhairt ar shaineolas na n-údaráis áitiúil agus réigiúnach agus dlí an Aontais á ullmhú agus á chur chun feidhme, beidh rialáil níos fearr agus dlísteanacht dhaonlathach níos fearr san Aontas.

Is féidir neartú sin phrionsabal na coimhdeachta a bhaint amach trí Choiste Eorpach na Réigiún a rannpháirtíú níos fearr sa chaibidíocht idir institiúidí an Aontais Eorpaigh ar thograí reachtacha (cruinnithe tríthaobhacha) agus trí ról foirmiúil, i gcúinsí atá sainithe go cuí, a thabhairt do pharlaimintí réigiúnacha sna tograí a ullmhaítear le haghaidh reachtaíocht Eorpach.

**6.** Iarraimid go gcuirfí leis an taithí a fuarthas ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa chun idirphlé buan áitbhunaithe a fhorbairt leis na saoránaigh a bheadh mar shársa rannpháirtíochta lena bhféadfaí an tAontas a nascadh ar dhóigh níos fearr leis na dálaí iarbhir ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus chun a áirithiú go bhfaighidh saoránaigh aiseolas faoina smaointe agus faoina n-ábhair imní agus ról a thabhairt do dhaoine óga go háirithe. Tá comhlachais chríoachacha náisiúnta agus Eorpacha, Coiste Eorpach na Réigiún agus a líonraí de Pholait-eoirí Tofa Óga agus Comhairleoirí réigiúnacha agus áitiúla an Aontais réidh chun an próiseas sin a éascú.

**7.** Iarraimid ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa an 'comhtháthú' a athdhearbhú mar luach bunúsach agus mar threoir do bheartais uile an Aontais bunaithe ar an meas ar an gcomhpháirtíocht agus ar an rialachas il-leibhéil.

**8.** Táimid ag éileamh go neartófaí an athléimneacht san Aontas, agus go mbeadh ról soiléir ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le beartais shóisialta, aeráide, chomhshaoil, fuinnimh agus dhigiteacha a cheapadh agus a chur chun feidhme, agus go mbeadh rochtain dhíreach acu ar chistiú ón Aontas i réimsí a thagann faoina n-inniúlachtaí.

**9.** Tacaímid le hAontas Sláinte Eorpach a thugann na hinniúlachtaí is gá don Aontas chun freagairt go tapa do ghéarchéimeanna sláinte agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú ag an am céanna.

**10.** Táimid ag éileamh go nglacfaí clár oibre tuaithe Eorpach réamhbhreathnaitheach, lena gcuirfí feabhas ar an gcomhtháthú uirbeach-tuaithe agus a mbeadh athbheochan inbhunaithe na bpobal tuaithe mar thoradh air.

**11.** Iarraimid ar an Aontas úsáid a bhaint as na naisc láidre a cruthaíodh thar na blianta leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i dtíortha comharsanachta agus an mhéadaithe agus an smacht reachta agus dea-rialachas a chothú ón mbun aníos.

**12.** Chun muinín na saoránach a fháil ar ais, ní mór dúinn feidhmiú an daonlathais agus na luachanna Eorpacha a athnuachan tríd an oideachas agus an tsaoránacht, go háirithe i measc na ndaoine óga agus sna réigiúin trasteorann, agus urraim do chomhdheiseanna á cur chun cinn.

**Oibrímis le chéile chun torthaí a bhaint amach faoin daonlathas agus an Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh.**

